# Sonraí Dísle

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Láimhseáil Sonraí - dóchúlacht, sonraí a léiriú agus a léirmhíniú<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht,*<br>*An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid lena gcuid oibre a phlé agus a smaointeoireacht a mhíniú<br>• eolas agus torthaí a chur i láthair go soiléir<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• ráitis ghinearálta a thuiscint agus a dhéanamh |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | seans, dóchúlacht, dóchúil, níos dóchúla, neamhdhóchúil, seans cothrom, dodhéanta, cinnte, hipitéis, tuar, minicíocht, corr, réidh, cearnach, príomha, ilchodach, fachtóir, iolraí, graf, cairt, tábla, sonraí, torthaí, ráiteas, conclúid |
| **Áiseanna** | dísle, ábhair le torthaí a thaifeadadh agus le sonraí a chur i láthair |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Fiosraíonn daltaí cá mhéad ainmhí agus cá mhéad grúpa difriúil d'ainmhithe feirme a mheaitseálann le líon cos faoi leith.

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeáin dísle 1-6 don rang, nó tabhair dísle do gach duine sa rang. Pléigh na líonta difriúla spotaí ar gach taobh den dísle. Úsáid ceisteanna oscailte agus druidte le dul siar ar theanga an tseans/dóchúlachta.

### 2 Gníomhaíocht 2

Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag oibriú i ngrúpaí i mbeirteanna le 2 dhísle. Caithfidh siad an dísle 10 n-uaire agus déanfaidh siad a dteaglamaí agus an t-iomlán do gach caitheamh a thaifeadadh. Spreag iad le tuartha a chur chun cinn maidir leis na hiomláin is dóchúla, nó is neamhdhóchúla tarlú. I ndiaidh deich gcaitheamh, cuireann siad a gcuid sonraí le sonraí ó dhá bheirt eile le grúpa de sheisear a chruthú. Beidh na torthaí ag an ghrúpa seo ar thríocha caitheamh an dísle. Mol dóibh dóigheanna éagsúla lena gcuid sonraí a eagrú agus a chur i láthair a aimsiú. Spreag iad le patrúin a chuardach ina gcuid torthaí agus tátail a bhaint astu. Mar shampla, an bhfuil iomláin ann atá níos dóchúla nó níos neamhdhóchúla ná iomláin eile?

### 3 Gníomhaíocht 3

Tabhair na tacair sonraí ó gach grúpa sa rang le chéile le tacar sonraí an ranga uilig a chruthú. Spreag iad le tuar a dhéanamh cé acu a leanfaidh na patrúin ar aghaidh a d'aimsigh siad ina ngrúpaí, nó nach leanfaidh nuair a mhéadófar an tacar sonraí.

### 4 Gníomhaíocht 4

I mbeirteanna, cuireann na daltaí sonraí an ranga uilig i láthair i dtábla, graf nó cairt dá rogha féin. Ansin, cruthaíonn siad ráitis bunaithe air sin agus cruthaíonn siad ceisteanna a fhreagróidh na daltaí eile.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte: | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na huimhreacha atá indéanta ar dhísle 1-6?<br>• Cad iad na huimhreacha nach bhfuil indéanta ar dhísle 1-6?<br>• Cad é an dóchúlacht go gcaithfear corruimhir/ré-uimhir/uimhir phríomha/ uimhir ilchodach/uimhir chearnach?<br>• Cad é an dóchúlacht go gcaithfear fachtóir/iolraí ar x?<br>• Cé acu de na de na hiomláin atá dodhéanta, is dóchúla nó níos neamhdhóchúla go dtarlóidh siad?<br>• Cad iad na raonta d'iomlán a bhfuil seans cothrom ann go dtarlóidh siad? | • Cad iad na patrúin a thug tú faoi deara nuair a chaith tú an dísle i do bheirt?<br>• Cad iad na patrúin a thug tú faoi deara ó na sonraí i do ghrúpa de seisear?<br>• An dtig leat hipitéis nó tuar a dhéanamh bunaithe ar do shonraí?<br>• Cad iad na dóigheanna a dtig leat do hipitéisí a thástáil?<br>• Cad chuige ar eagraigh/ar chuir tú do sonraí i láthair ar an dóigh seo?<br>• An dtig leat ráiteas a dhéanamh bunaithe ar do thacar sonraí?<br>• An mbeadh do ráiteas fíor go fóill dá n-athródh méid an tacair sonraí? |

## Difreáil

Socraigh ceisteanna faoi shonraí, roghanna maidir le sonraí a eagrú agus a chur i láthair de réir thuiscint na ndaltaí.
Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.